An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA: MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: CUMARSÁID Ó BHÉAL

| | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar. | **Táirgeadh labhartha**: tá cumarsáid an scoláire an-soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra an-mhaith<br><br>**Idirghníomhú labhartha**: tuigeann an scoláire agus tugann sé freagra soiléir gan aon iarracht mhíchuí ar cheisteanna/leideanna<br><br>**Feasacht teanga:** taispeánann an scoláire feasacht an-mhaith ar patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú más cuí |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghnéithe áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | **Táirgeadh labhartha**: tá cumarsáid an scoláire soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra maith<br><br>**Idirghníomhú labhartha**: taispeánann an scoláire tuiscint mhaith agus tugann sé freagra soiléir ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir<br><br>**Feasacht teanga**: taispeánann an scoláire feasacht mhaith ar<br>patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú anois is arís, más cuí |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an taiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde abdhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó. | **Táirgeadh labhartha**: tá cumarsáid an scoláire sách soiléir le go dtuigfí í, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra teoranta<br><br>**Idirghníomhú labhartha**: taispeánann an scoláire roinnt tuisceana agus tugann sé freagra soiléir, den chuid is mó, ar<br>cheisteanna/leideanna fad is a chuirtear in iúl iad go mall agus gosoiléir<br><br>**Feasacht teanga**: taispeánann an scoláire feasacht theoranta<br>maidir le patrúin agus gnásanna teanga |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc I ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag<br>botúin nach beag. Tarraingeoidh an taiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | **Táirgeadh labhartha**: tá cumarsáid an scoláire doiléir go minic agus teoranta d'fhocail agus frásaí an-bhunúsach<br><br>**Idirghníomhú labhartha**: is beag tuisceana a thaispeánann an scoláire ar cheisteanna/leideanna nó ní thugann sé freagra ach go beag ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir<br><br>**Feasacht teanga**: ní thaispeánann an scoláire feasacht ach go beag más ann dó in aon chor le patrúin agus gnásanna teanga |